Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**8975/15**

**RECH 142**
**COMPET 229**
**MI 320**
**TELECOM 120**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8409/15 RECH 102 COMPET 173 MI 277 TELECOM 100 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020<br>- *Glacadh* |

1. Leis na Conclúidí ón gComhairle i mí Feabhra 2014 maidir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) 2013[1], iarradh ar na "Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus an Tuairim ó CLET á tabhairt ar aird agus ag oibriú trí mheán an Choiste CLET, treochlár don Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach, faoi lár na bliana 2015, lena n-éascófar agus lena neartófar iarrachtaí na mBallstát".

[1] 6945/14.

2. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, forbraíodh Treochlár LET i gcomhairliúchán leis an gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus (CLET), leis na grúpaí a bhaineann le LET agus leis an gcuid is mó de na heagraíochtaí in Ardán na nGeallsealbhóirí. Glacadh an Tuairim ó CLET ag cruinniu an Choiste sin ar an 16-17 Aibreán i Ríge[2]. Doiciméad beo is ea Treochlár LET arb é is cuspóir leis líon teoranta príomhthosaíochtaí cur chun feidhme a shainaithint, ar dócha gurb iadsan is mó a bheadh tionchar acu ar chórais eolaíochta, taighde agus nuála na hEorpa.

3. Ar bhonn Treochlár LET, dhréachtaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus rinneadh an téacs sin a phlé i gcruinnithe de chuid na Meithle um Thaighde i mí an Mhárta agus i mí Aibreán 2015 agus thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leis an téacs.

4. Ag an gcruinniu a bhí aige an 13 Bealtaine 2015, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sin. Chuir UK forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta isteach maidir leis an téacs deiridh, i ndiaidh na dtoghchán náisiúnta a bhí ann le déanaí.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle ("Iomaíochas") na Conclúidí a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 28-29 Bealtaine 2015.

---

[2] 1208/15.

## Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH an méid a leanas

AG MEABHRÚ DI

– Na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Deireadh Fómhair 2013[3] ina dtugtar ar aird gur gá dlús a chur le hathchóiriú struchtúrach na gcóras náisiúnta agus gur gá an faireachán ar dhul chun cinn a neartú ar bhonn sonraí stóinsithe a chuirfidh na Ballstáit ar fáil le go mbeifear in ann Limistéar Eorpach Taighde iomlán a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2014;

– A cuid Conclúidí féin ón 21 Feabhra 2014 maidir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) 2013[4] ina dtugtar ar aird an dul chun cinn a baineadh amach ó thaobh an Limistéar Eorpach Taighde a chur ar fáil agus ina n-iarrtar go bhforbrófar treochlár dó faoi lár na bliana 2015;

– A cuid Conclúidí ón 5 Nollaig 2014 maidir le Tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde 2014[5] inar aithníodh go bhfuil dul chun cinn maith déanta ó thaobh an Limistéar a chur i gcrích, ina spreagtar an Coimisiún leanúint lena chuid iarrachtaí, ina spreagtar na Ballstáit agus na geallsealbhóirí taighde an Limistéar Eorpach Taighde a chur faoi lánseol, agus lena n-athdhearbhaítear go dtacóidh an Chomhairle leis na hiarrachtaí chun treochlár ar an leibhéal Eorpach a fhorbairt faoi lár na bliana 2015;

---

3 EUCO 169/13.
4 6945/14.
5 16599/14.

1. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur ceann de bhunchlocha thionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta é an Limistéar Eorpach Taighde agus freisin gur cuid ríthábhachtach de Straitéis Eoraip 2020 é, lena bhféachtar leis an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht chórais taighde na hEorpa, leis an nuáil a chothú, le bunúis eolaíocha agus teicneolaíocha na mBallstát a neartú chomh maith lena gcumas iomaíochta agus lena gcumas aghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin sochaíocha agus, dá bhrí sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí meáite ar an Limistéar Eorpach Taighde a chur faoi lánseol.

2 ATHDHEARBHAÍONN SÍ na tosaíochtaí don Limistéar Eorpach Taighde mar a leagadh amach iad i dTeachtaireacht na bliana 2012 maidir le Comhpháirtíocht athneartaithe don Limistéar Eorpach Taighde agus a dearbhaíodh sna Conclúidí ón gComhairle[6], lena n-áirítear gné idirnáisiúnta an Limistéir Eorpaigh Taighde, agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil tús ré nua ann ina ndéanfar an Limistéar a fhorbairt tuilleadh. Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas leis an gComhpháirtíocht atá ann cheana féin don Limistéar Eorpach Taighde, ba cheart anois go ndéanfadh na Ballstáit, an Coimisiún agus eagraíochtaí na ngeallsealbhóirí a chinntiú go gcuirfear an Limistéar Eorpach Taighde faoi lánseol, trí iarrachtaí comhordaithe a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus na tosaíochtaí don Limistéar á n-athbhreithniú ar bhonn rialta agus, nuair is gá, á nuashonrú.

3. FORMHEASANN SÍ Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020, mar a ghlac an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde (CLET) é[7]. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an obair atá déanta ag na Ballstáit agus ag CLET, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus i gcomhairliúchán leis na Grúpaí eile a bhaineann le LET agus le hArdán na nGeallsealbhóirí freisin.

4. COMHAONTAÍONN SÍ le CLET gurb é is cuspóir leis an Treochlár líon teoranta príomhthosaíochtaí gníomhaíochta a leagan amach arb iad is mó a bheadh tionchar acu ar thaighde agus nuáil na hEorpa, agus é á aithint di gurb éagsúil óna chéile iad na tréithe agus na sainiúlachtaí a bhaineann leis na córais náisiúnta taighde agus nuála ar fud na hEorpa agus gur faoi na Ballstáit atá sé an cur chuige is fearr a oireann dá gcóras féin a roghnú.

---

6 17649/12.
7 1208/15.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an Treochlár a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus IARANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún é a chur chun feidhme ar bhealach iomchuí trí mheán a gcuid pleananna gníomhaíochta nó trí mheán a gcuid straitéisí. IARRANN SÍ go n-úsáidfí an tSaoráid Tacaíochta Beartais ar bhealach éifeachtach chuige sin.

6. IARANN SÍ ar CLET tacar de bhuntáscairí a mholadh faoi dheireadh 2015 agus, i gcás inarb iomchuí, modhanna cáilíochtúla a mholadh freisin lena bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Treochlár LET. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart an faireachán a dhéanfaí ar Threochlár LET a chur i gcomhthéacs an fhaireacháin a dhéanfar ar dhul chun cinn an Limistéir Eorpaigh Taighde agus IARANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí faireachán an Treochláir a chomhtháthú le Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Limistéir Eorpaigh Taighde 2016 agus leis na Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn sna blianta ina dhiaidh sin, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus gan ualaí neamhriachtanacha riaracháin a chruthú.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá Treochlár LET a shuíomh i gcomhthéacs níos leithne chlár oibre fáis na hEorpa, lena n-áirítear straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus an tAontas Nuálaíochta. AITHNÍONN SÍ go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Limistéir Eorpaigh Taighde i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí agus na bearta ábhartha a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Taighde, de réir mar is cuí, mar dhlúthchuid de na Cláir Náisiúnta don Athchóiriú. IARANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas agus ar an gcomhlántacht idir gníomhaíochtaí uile an Limistéir Eorpaigh Taighde, lena n-áirítear iad siúd lena gcothaítear cáilíocht agus barr feabhais taighde agus nuála san Eoraip mar aon leo siúd lena gcuirtear an nuáil agus an fás chun cinn, agus aird á tabhairt ar an ngá atá leis an mbearna idir na Ballstáit agus na réigiúin ó thaobh an taighde agus na nuála de a dhúnadh.

8. IARANNN SÍ ar CLET, i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ionchur cuí á fháil uathu, go háirithe ón nGrúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach, agus i ndlúthchomhréir leis an bhfoirmíocht straitéiseach de Choiste Chláir Fís 2020, comhleanúnachas na dtionscnamh comhpháirteach[8] a mheasúnú, go háirithe iad siúd atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar an mbreisluach Eorpach a ghabhann leo, ar a n-indéantacht, ar a mais chriticiúil, ar a gcomhlántacht agus ar an tionchar a imríonn siad. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart an chomhairle ó CLET agus an chomhairle ó ghrúpaí eile a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Taighde ó thaobh sainiú agus dearadh tosaíochtaí straitéiseacha de a chur san áireamh chun Fís 2020 a chur chun feidhme, agus gur cheart na moltaí a tugadh bunaithe ar an measúnú ar an Seachtú Creatchlár a chur san áireamh freisin.

MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ TREOCHLÁR LET

9. IARANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tús a chur le cur chun feidhme na dtosaíochtaí a sainaithníodh i dTreochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde:

- feabhas a chur ar an meastóireacht a dhéantar ar na beartais taighde agus nuála agus féachaint le comhlántachtaí a aimsiú idir ionstraimí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus féachaint freisin leis na hionstraimí sin a réasúnú;

- feabhas a chur ar an ailíniú a dhéanfar laistigh de Phróiseas an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh agus idir an Próiseas agus na tionscnaimh a thagann as (e.g. Tionscnaimh Clársceidealaithe Comhpháirtigh) agus luas a chur lena gcur chun feidhme;

- an úsáid is fearr a bhaint as na hinfheistíochtaí poiblí i mBonneagar Taighde trí thosaíochtaí náisiúnta a leagan síos a bheidh ag teacht le tosaíochtaí agus critéir an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagar Taighde (ESFRI) agus an inbhuanaitheacht fhadtéarmach á cur san áireamh go huile agus go hiomlán;

[8] Áirítear leis na moltaí seo Tionscnaimh Clársceidealaithe Comhpháirtigh, tionscnaimh faoi Airteagal 185 agus Airteagal 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí conarthacha, Ardáin Teicneolaíochta Eorpacha, Comhpháirtíochtí Eorpacha sa Nuáil, Pobail Eolais agus Nuála faoi choimirce na hInstitiúide Eorpaí um Nuáil agus Teicneolaíocht, bearta faoi scéim LET-NET, braislí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chomhordú Taighde (EUREKA), cláir chomhpháirteacha Eorpacha agus creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta.

- modhanna earcaíochta a bheidh oscailte, trédhearcach agus tuilleamas-bhunaithe a úsáid i ndáil le poist taighde;

- an reachtaíocht náisiúnta i ndáil le comhionannas a úsáid mar bhonn do ghníomhaíocht éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar míchothromaíochtaí inscne in institiúidí taighde agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, agus gné na hinscne a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sna beartais, sna cláir agus sna tionscadail a bhaineann le Taighde agus Forbairt;

- beartais maidir le haistriú eolais a chur chun feidhme go huile agus go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn an cur chun cinn is fearr is féidir a dhéanamh maidir le scaipeadh, úsáid agus saothrú na dtorthaí eolaíocha. Ba cheart go ndéanfadh Eagraíochtaí Déanta Taighde agus Eagraíochtaí Maoinithe Taighde eolas a aistriú mar chuid dá ngnáthshaol trína dhéanamh mar chuid dá gcuid oibre laethúil;

- an rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a chur chun cinn;

- bealaí oibre agus gníomhaíochtaí straitéiseacha comhpháirteacha iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme don chomhar idirnáisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála ar bhonn tosaíochtaí náisiúnta na mBallstát, trí na gníomhaíochtaí iomchuí a chur i gcrích ina gcuid pleananna gníomhaíochta nó ina gcuid straitéisí faoi lár na bliana 2016.

POINTÍ A d'FHÉADFAÍ A CHUR SAN ÁIREAMH AMACH ANSEO

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid a leanas:

- gur gá an leas is fearr a bhaint as cáilíocht, as éifeachtacht agus as tionchar an chaiteachais náisiúnta ar an Taighde agus ar an Nuáil;

- gur gá Próiseas an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh a neartú tuilleadh. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an comhar trasnáisiúnta a athspreagadh agus, dá bhrí sin, IARANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí comhordúcháin agus sinéirgí níos fearr a fhorbairt le cláir mhaoiniúcháin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. IARANN SÍ ar na Ballstáit na rialacha agus na nósanna cur chun feidhme a chur i gcomhréir lena chéile ar bhealach níos fearr laistigh de Phróiseas an Chlarsceidealaithe Chomhpháirtigh agus idir an Próiseas agus na tionscnaimh a thagann as chun an comhar a spreagadh agus chun ualaí neamhriachtanacha riaracháin a sheachaint;

- an gá atá le hiarrachtaí breise a dhéanamh i réimse Bonneagar an Taighde, lena n-áirítear an bonneagar ríomhaireachta, agus LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá sé úsáid Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a spreagadh chun na gcríoch sin, nuair is iomchuí;

- a thábhachtaí atá ról an chaipitil dhaonna ó thaobh an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun cinn agus a thábhachtaí atá sé freisin straitéisí láidre cuimsitheacha a bheith ann maidir le hacmhainní daonna, lena n-áirítear soghluaisteacht lucht taighde, a thiocfaidh ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach freisin agus a bheidh ag dul amach agus isteach san earnáil phríobháideach, agus leagann sí béim chomh maith ar a thábhachtaí atá sé go gcumhachtófaí taighdeoirí óga trí chonair ghairme tharraingteach a chur ar fáil dóibh;

- deiseanna agus dúshláin nua na ré digití don taighde, go háirithe maidir le méadú suntasach na sonraí taighde, agus IARANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún gníomhú ar bhealach comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghné dhigiteach an Limistéir Eorpaigh Taighde;

- a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí ról an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí domhanda a threisiú agus leas á bhaint as an gcomhar déthaobhach agus iltaobhach atá ann cheana féin agus a bhfuil rath air. IARANN SÍ ar na Ballstáit, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar na treochláir ilbhliantúla don chomhar idirnáisiúnta idir na tíortha agus na réigiúin idirnáisiúnta comhpháirtíochta agus an tAontas Eorpach, agus aon sinéirgí agus breisluach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhordú agus le comhar idir na Ballstáit á gcur san áireamh, agus an leibhéal is oiriúnaí a roghnú don chomhar déthaobhach, iltaobhach agus Eorpach leis na tíortha agus na réigiúin idirnáisiúnta comhpháirtíochta freisin;

11. a thábhachtaí atá sé go mbeadh Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020 ar aon dul leis na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar na réimsí tosaíochta agus ar na gníomhaíochtaí tosaíochta agus, dá bhrí sin, IARANN SÍ ar CLET, i gcomhar leis na Grúpaí eile a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Taighde, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treochlár mar chuid den timthriall tuairiscithe ar dhul chun cinn an Limistéir Eorpaigh Taighde. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rialachas éifeachtach éifeachtúil i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde, mar aon le struchtúr comhairleach dó a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil freisin, d'fhonn an comhordú agus an faireachán a dhéantar air a fheabhsú.